Acmhainn 2 (Gníomh 2)

Cásanna Casta

1. Is fuath le John go bhfuil sé níos lú ná an chuid eile de na gasúir ina rang ar scoil. Bíonn daoine ag greanntaíocht faoina airde. Deir cailíní go bhfuil sé gleoite agus leagann siad lámh ar a chloigeann. Ní bhíonn sé ar intinn acu goilleadh air, ach goilleann. Dar le John, má dhéanann sé gearán faoi, rachaidh cúrsaí in olcas mar go ndéarfaidh daoine nach bhfuil acmhainn grinn aige.

2. Tá aicne ag Christine. Féachann sí lena folú lena cuid gruaige, ach tá sí dearfa cinnte go bhfuil cuma chomh gránna sin uirthi nach maith le duine ar bith a bheith ina teannta ná a bheith ag labhairt léi. Is deacair di labhairt le daoine mar bíonn sí dearfa cinnte go mbíonn siad ag amharc ar a spotaí agus deargaíonn sí san aghaidh as náire. D'éirigh sí as dul go dtí an club óige agus caitheann sí cuid mhór ama léi féin ina seomra leapa.

3. Caithfidh Stephen i gcónaí a bheith ar ais sa bhaile roimh thitim na hoíche. Tá sin maith go leor i rith an tsamhraidh, ach ciallaíonn sé nach bhfuil cead aige dul amach ar chor ar bith sa gheimreadh. Tugann a mham cead dó dul amach má bhíonn a fhios aici cá háit go díreach a mbeidh sé ag dul, ach ba mhaith le Stephen guairdeall thart lena chomrádaithe ar an tsráid.

4. Bíonn tóir mhór ar chomluadar Michael mar gur duine galánta é agus mar go ndéanann sé spórt do gach duine. Ach níl ann ach cur i gcéill ó Michael le cairde a fháil agus le réiteach le daoine. Nuair a bhíonn sé leis féin, mothaíonn sé folamh agus míshona. Dar leis nach bhfuil fiorchairde ar bith aige. Tá a fhios aige, áfach, nach mbeadh na 'cairde' atá aige ann le tacú leis dá mbeadh sé neamhionann agus atá sé anois.

5. Is cailín déanta í Tara cé nach bhfuil sí ach 13 bliana d'aois. Déanann buachaillí greanntaíocht faoi mhéid a cíoch, agus bíonn cailíní éadmhar léi. An t-aon mhian atá aici, go mbeadh an chuma chéanna uirthi agus atá ar gach duine eile. Samhlaítear di nach bhfeiceann daoine í féin, Tara. Tá sí bréan fosta de dhaoine a dhéanann breitheanna fúithi agus a chaitheann léi amhail is dá mbeadh sí níos sine.

6. D'áitigh Lauren ar a tuismitheoirí ligean di dul chuig cóisir thí, ar an choinníoll nach mbeadh alcól ná drugaí ar fáil ann agus go bhfaigheadh sí síob abhaile le Susie, deirfiúr a cara, atá 17 mbliana d'aois. Cé nár chaith Lauren alcól ná drugaí, d'ól Susie a lán vodca. Tá imní ar Lauren faoi dhul sa charr agus Susie ag tiomáint, ach má chuireann sí scairt ghutháin ar a tuismitheoirí, beidh a fhios acu gur inis sí bréag leo faoin chóisir a bheith saor ó dhrugaí.

Acmhainn 3 (Gníomh 2)

Ag Sárú Na hÓgantachta: Ceisteanna Le Plé

Úsáid na ceisteanna a leanas le machnamh faoin chás chasta.

1. Cad é go díreach an fhadhb?

---

2. Cad é a chuideodh sa suíomh?

---

3. Cad é a choisceann ar an duine beart a dhéanamh leis an suíomh a fheabhsú?

---

4. Cad é a d'fhéadfadh tarlú muna ndéantar rud ar bith leis an suíomh a athrú?

---

5. Cén gníomh a mholann tusa?

Acmhainn 4 (Gníomh 2)

Bearta Leis An Ógántacht A Shárú

1. **EAGRAIGH** tú féin sa dóigh gur féidir leat do shaol a roinnt idir scoil, cairde, teaghlach, suimeanna, obair, srl.

2. Bíodh **MEAS** agat ort féin. Bain a bhfuil ann as na buntáistí atá agat.

3. Bíodh **MEAS** agat ar dhaoine eile. Déan iarracht rudaí a fheiceáil ó dhearcadh s'acu fosta.

4. Déan iarracht a bheith **DEARFACH** agus dírigh ar an taobh is fearr den scéal.

5. Bíodh **AITHNE** agat **ORT FÉIN** sa dóigh nach dtreoreoidh daoine eile thú go furasta. Bí feasach ar phiarbhrú.

6. Tuig luach **d'FHÍORCHAIRDE**. Sin na daoine a dtig leat muinín a chur iontu, daone atá lách leat agus ar mhaith leo a bheith i do chuideachta.

7. **DÉAN CUMARSÁID** agus bí ionraic faoi na mothúcháin atá agat ar dhaoine eile. Beidh siad níos muiníní leat agus is tús maith le haghaidh idirbheartaíochta é.

8. Foghlaim go mbíonn fadhbanna fosta ag do chuid **TUISMITHEOIRÍ** amanna, fadhbanna a mbíonn tionchar acu ar a n-iompar.

9. Socraigh ar phlean **SÁBHÁILTEACHTA**, a bhfuil sibh uile sásta faoi, le do chuid tuismitheoirí.

10. **BÍODH MUINÍN AGAT AS DO NÁDÚR FÉIN**. Muna bhfuil fonn ort é a dhéanamh, ná déan é.